Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2138

22.10.2025

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2138 ÓN gCOIMISIÚN

**an 21 Deireadh Fómhair 2025**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le comhlachtaí rialaithe áirithe a aithint i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar chomhlachtaí atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe orgánacha a eisiúint i dtríú tíortha chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún ([2]), tá an liosta de na húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 mar údaráis agus comhlachtaí atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe orgánacha a eisiúint i dtríú tíortha chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 45(1), pointe (b)(i), den Rialachán sin.

(2) Le hAirteagal 46(2) de Rialachán (AE) 2018/848 leagtar síos na critéir nach mór do na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe a chomhlíonadh chun go n-aithneofar iad i gcomhréir le hAirteagal 46(1) den Rialachán sin. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na ceanglais nós imeachta atá le comhlíonadh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin agus a n-iarraidh ar aitheantas á cur faoi bhráid an Choimisiúin acu, iarraidh arb é atá ann sainchomhad teicniúil.

(3) Tá na hiarrataí ar aitheantas ó na comhlachtaí rialaithe 'AfriCert Limited', 'Organic T&C, L.L.C.', 'Q-Check Private Company' agus 'SUSTAINABLE AGRICULTURE PROMOTION SOCIETY (SAPS)' faighte ag an gCoimisiún, agus tá scrúdú déanta aige orthu i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698. Ar bhonn na faisnéise atá i sainchomhaid theicniúla na gcomhlachtaí rialaithe sin, tá an Coimisiún tagtha ar an gconclúid go bhfuil údar leis na comhlachtaí rialaithe sin a aithint, ar feadh tréimhse éiginnte, le haghaidh catagóirí táirgí áirithe i dtríú tíortha áirithe.

(4) Na hiarrataí ar raon feidhme a n-aitheantais a leathnú chuig catagóirí áirithe táirgí agus tríú tíortha áirithe ó 'Florida Certified Organic Growers and Consumers, Inc. (FOG), DBA as Quality Certification Services (QCS)', 'IMOCERT Latinoamérica Ltda.', 'Kiwa BCS Öko-Garantie GmbH', 'Organic Control System LLC Subotica', 'ORSER KONTROL VE SERTİFİKASYON ANONİM ŞİRKETİ' agus 'Southern Cross Certified Australia Pty Ltd, tá siad faighte agus scrúdaithe ag an gCoimisiún freisin, i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698. Ar bhonn na faisnéise atá i sainchomhaid theicniúla na gcomhlachtaí rialaithe sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil údar le haitheantas a thabhairt dóibh, ar feadh tréimhse éiginnte, le haghaidh na gcatagóirí táirgí a iarradh agus na dtríú tíortha a iarradh.

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 lena leagtar síos rialacha áirithe a bhaineann leis an deimhniú a eisíodh d'oibreoirí, do ghrúpaí oibreoirí agus d'onnmhaireoirí i dtríú tíortha a bhfuil baint acu le táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a allmhairiú isteach san Aontas agus lena mbunaítear an liosta d'údaráis rialaithe aitheanta agus de chomhlachtaí rialaithe aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 297, 20.8.2021, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1378/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais nós imeachta maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha a aithint agus ar tháirgí orgánacha i dtríú tíortha agus le rialacha maidir lena maoirseacht agus na rialuithe agus na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin (IO L 336, 23.9.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1698/oj).

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 a leasú dá réir.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Tháirgeadh Orgánach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1378 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an tríú mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 mar a leanas:

(1) tar éis na hiontrála le haghaidh ACT Organic Company Limited, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

'**AfriCert Limited**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| KE-BIO-184 | an Chéinia | x | - | - | x | - | - | -'; |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh Florida Certified Organic Growers and Consumers, Inc. (FOG), DBA as Quality Certification Services (QCS):

'**Florida Certified Organic Growers and Consumers, Inc. (FOG), DBA as Quality Certification Services (QCS)**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| AE-BIO-144 | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | x | — | — | x | — | — | — |
| BS-BIO-144 | na Bahámaí | x | — | — | x | — | — | — |
| CL-BIO-144 | an tSile | x° | — | x | x° | — | — | — |
| CR-BIO-144 | Cósta Ríce | — | — | — | x° | — | — | — |
| DO-BIO-144 | an Phoblacht Dhoiminiceach | x | — | — | x | — | — | x |
| EC-BIO-144 | Eacuadór | x | — | x | x | — | — | x |
| HN-BIO-144 | Hondúras | x | — | x | x | — | — | — |
| ID-BIO-144 | an Indinéis | x | — | x | x | — | — | x |
| IN-BIO-144 | an India | — | — | — | x | — | — | — |
| JM-BIO-144 | Iamáice | x | — | — | x | — | — | x |
| NI-BIO-144 | Nicearagua | — | — | x | — | — | — | — |
| PA-BIO-144 | Panama | x | — | x | x | — | — | — |
| PE-BIO-144 | Peiriú | x | — | — | x | — | — | — |
| TR-BIO-144 | an Tuirc | x | — | — | x | x | — | — |
| TT-BIO-144 | Oileán na Tríonóide agus Tobága | x | — | — | x | — | — | — |
| US-BIO-144 | na Stáit Aontaithe | — | — | x | — | — | — | — |
| VE-BIO-144 | Veiniséala | x | — | x | x | — | — | — |
| ZA-BIO-144 | an Afraic Theas | x | — | — | x | — | — | — |
| ZM-BIO-144 | an tSaimbia | x | — | — | x | — | — | — |

2. Eisceachtaí: na táirgí laistigh de chatagóirí táirgí a bhfuil '°' marcáilte orthu, táirgí a chumhdaítear le raon feidhme comhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 nó le raon feidhme an aitheantais atá coibhéiseach leis an tríú tír lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh IMOCERT Latinoamérica Ltda.:

**'IMOCERT Latinoamérica Ltda.**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| AR-BIO-123 | an Airgintín | — | — | — | — | — | x | — |
| BO-BIO-123 | an Bholaiv | x | — | — | x | — | — | x |
| BR-BIO-123 | an Bhrasaíl | x | x | — | x | — | — | x |
| BZ-BIO-123 | an Bheilís | x | — | — | x | — | — | — |
| CO-BIO-123 | an Cholóim | x | — | — | x | — | — | — |
| DO-BIO-123 | an Phoblacht Dhoiminiceach | x | — | — | x | — | — | — |
| EC-BIO-123 | Eacuadór | x | — | — | x | — | — | — |
| GT-BIO-123 | Guatamala | x | x | — | x | — | — | x |
| HN-BIO-123 | Hondúras | x | — | — | x | — | — | — |
| MX-BIO-123 | Meicsiceo | x | x | — | x | — | — | x |
| NI-BIO-123 | Nicearagua | x | x | — | x | — | — | x |
| PA-BIO-123 | Panama | x | — | — | x | — | — | — |
| PE-BIO-123 | Peiriú | x | x | — | x | — | — | x |
| PY-BIO-123 | Paragua | x | x | — | x | — | — | x |
| SV-BIO-123 | an tSalvadóir | x | — | — | x | — | — | — |
| UY-BIO-123 | Uragua | — | x | — | — | — | x | x |
| VE-BIO-123 | Veiniséala | x | — | — | x | — | — | —'; |

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh Kiwa BCS Öko-Garantie GmbH:

**'Kiwa BCS Öko-Garantie GmbH**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| AE-BIO-141 | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | x | x | x | x | x | — | x |
| AZ-BIO-141 | an Asarbaiseáin | x | x | x | x | x | — | x |
| BJ-BIO-141 | Beinin | x | x | x | x | x | — | x |
| BO-BIO-141 | an Bholaiv | x | x | x | x | x | — | x |
| BW-BIO-141 | an Bhotsuáin | x | x | x | x | x | — | x |
| CL-BIO-141 | an tSile | x° | x° | x | x° | x | — | x° |

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| CN-BIO-141 | an tSín | x | x | x | x | x | — | x |
| CO-BIO-141 | an Cholóim | x | x | x | x | x | — | x |
| CR-BIO-141 | Cósta Ríce | — | x | x | x° | x | — | x |
| DO-BIO-141 | an Phoblacht Dhoiminiceach | x | x | x | x | x | — | x |
| DZ-BIO-141 | an Ailgéir | x | x | x | x | x | — | x |
| EC-BIO-141 | Eacuadór | x | x | x | x | x | — | x |
| GE-BIO-141 | an tSeoirsia | x | x | x | x | x | — | x |
| GT-BIO-141 | Guatamala | x | x | x | x | x | — | x |
| HK-BIO-141 | Hong Cong | x | x | x | x | x | — | x |
| HN-BIO-141 | Hondúras | x | x | x | x | x | — | x |
| ID-BIO-141 | an Indinéis | x | x | x | x | x | — | x |
| KE-BIO-141 | an Chéinia | x | x | x | x | x | — | x |
| KH-BIO-141 | an Chambóid | x | x | x | x | x | — | x |
| KR-BIO-141 | Poblacht na Cóiré | x | x | x | x° | x | — | x° |
| KZ-BIO-141 | an Chasacstáin | x | x | x | x | x | — | x |
| LA-BIO-141 | Laos | x | x | x | x | x | — | x |
| LK-BIO-141 | Srí Lanca | x | x | x | x | x | — | x |
| LR-BIO-141 | an Libéir | x | x | x | x | x | — | x |
| LS-BIO-141 | Leosóta | x | x | x | x | x | — | x |
| MA-BIO-141 | Maracó | x | x | x | x | x | — | x |
| MD-BIO-141 | an Mholdóiv | x | x | x | x | x | — | x |
| MW-BIO-141 | an Mhaláiv | x | x | x | x | x | — | x |
| MX-BIO-141 | Meicsiceo | x | x | x | x | x | — | x |
| MY-BIO-141 | an Mhalaeisia | x | x | x | x | x | — | x |
| MZ-BIO-141 | Mósaimbíc | x | x | x | x | x | — | x |
| NA-BIO-141 | an Namaib | x | x | x | x | x | — | x |
| NI-BIO-141 | Nicearagua | x | x | x | x | x | — | x |
| PA-BIO-141 | Panama | x | x | x | x | x | — | x |
| PE-BIO-141 | Peiriú | x | x | x | x | x | — | x |
| PF-BIO-141 | Polainéis na Fraince | x | x | x | x | x | — | x |
| PH-BIO-141 | na hOileáin Fhilipíneacha | x | x | x | x | x | — | x |
| PY-BIO-141 | Paragua | x | x | x | x | x | — | x |
| SA-BIO-141 | an Araib Shádach | x | x | x | x | x | — | x |
| SG-BIO-141 | Singeapór | x | x | x | x | x | — | x |
| SN-BIO-141 | an tSeineagáil | x | x | x | x | x | — | x |
| SV-BIO-141 | an tSalvadóir | x | x | x | x | x | — | x |

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| TH-BIO-141 | an Téalainn | x | x | x | x | x | — | x |
| TJ-BIO-141 | an Táidsíceastáin | x | x | x | x | x | — | x |
| TN-BIO-141 | an Túinéis | — | x | x | — | x | — | x |
| TR-BIO-141 | an Tuirc | x | x | x | x | x | — | x |
| TW-BIO-141 | an Téaváin | x | x | x | x | x | — | x |
| TZ-BIO-141 | an Tansáin | x | x | x | x | x | — | x |
| US-BIO-141 | na Stáit Aontaithe | — | — | x | — | — | — | x° |
| UY-BIO-141 | Uragua | x | x | x | x | x | — | x |
| UZ-BIO-141 | an Úisbéiceastáin | x | x | x | x | x | — | x |
| VE-BIO-141 | Veiniséala | x | x | x | x | x | — | x |
| VN-BIO-141 | Vítneam | x | x | x | x | x | — | x |
| ZA-BIO-141 | an Afraic Theas | x | x | x | x | x | — | x |
| ZM-BIO-141 | an tSaimbia | x | x | x | x | x | — | x |

2. Eisceachtaí: na táirgí laistigh de chatagóirí táirgí a bhfuil '°' marcáilte orthu, táirgí a chumhdaítear le raon feidhme comhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 nó le raon feidhme an aitheantais atá coibhéiseach leis an tríú tír lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325.';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh Organic Control System LLC Subotica:

'**Organic Control System LLC Subotica**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| BA-BIO-162 | an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | x | — | — | x | — | x | x |
| ME-BIO-162 | Montainéagró | x | — | — | x | — | — | x |
| MK-BIO-162 | an Mhacadóin Thuaidh | x | — | — | x | — | — | x |
| RS-BIO-162 | an tSeirbia | x | x | — | x | x | x | x'; |

(6) tar éis na hiontrála le haghaidh Organic Standard LLC, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

'**Organic T&C, L.L.C.**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| KR-BIO-205 | Poblacht na Cóiré | — | — | x | x° | — | — | — |

2. Eisceachtaí: na táirgí laistigh de chatagóirí táirgí a bhfuil '°' marcáilte orthu, táirgí a chumhdaítear le raon feidhme comhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 nó le raon feidhme an aitheantais atá coibhéiseach leis an tríú tír lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh ORSER KONTROL VE SERTİFİKASYON ANONİM ŞİRKETİ:

'**ORSER KONTROL VE SERTİFİKASYON ANONİM ŞİRKETİ**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| AE-BIO-166 | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | x | x | — | x | x | x | x |
| AF-BIO-166 | an Afganastáin | x | x | — | x | x | x | x |
| AZ-BIO-166 | an Asarbaiseáin | x | x | — | x | x | x | x |
| BA-BIO-166 | an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | x | x | — | x | x | x | x |
| CI-BIO-166 | an Cósta Eabhair | x | x | — | x | x | x | x |
| EG-BIO-166 | an Éigipt | x | x | — | x | x | x | x |
| ET-BIO-166 | an Aetóip | x | x | — | x | x | x | x |
| GE-BIO-166 | an tSeoirsia | x | x | — | x | x | x | x |
| GH-BIO-166 | Gána | x | x | — | x | x | x | x |
| IR-BIO-166 | an Iaráin | x | x | — | x | x | x | x |
| KG-BIO-166 | an Chirgeastáin | x | x | — | x | x | x | x |
| KZ-BIO-166 | an Chasacstáin | x | x | — | x | x | x | x |
| MD-BIO-166 | an Mholdóiv | x | x | — | x | x | x | x |
| NG-BIO-166 | an Nigéir | x | x | — | x | x | x | x |
| RS-BIO-166 | an tSeirbia | x | x | — | x | x | x | x |
| RU-BIO-166 | Cónaidhm na Rúise | x | x | — | x | x | x | x |
| TG-BIO-166 | Tóga | x | x | — | x | x | x | x |
| TJ-BIO-166 | an Táidsíceastáin | x | x | — | x | x | x | x |
| TM-BIO-166 | an Tuircméanastáin | x | x | — | x | x | x | x |
| TR-BIO-166 | an Tuirc | x | x | — | x | x | x | x |
| UA-BIO-166 | an Úcráin | x | x | — | x | x | x | x |
| UG-BIO-166 | Uganda | x | x | — | x | x | x | x |
| UZ-BIO-166 | an Úisbéiceastáin | x | x | — | x | x | x | x'; |

(8) tar éis na hiontrála le haghaidh PT BIOCert Indonesia, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

‘**Q-Check Private Company**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| AE-BIO-179 | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | x | - | - | x | - | - | - |
| AL-BIO-179 | an Albáin | x | - | - | x | - | - | - |
| EG-BIO-179 | an Éigipt | x | - | - | x | - | - | - |
| JO-BIO-179 | an Iordáin | x | - | - | x | - | - | - |
| LB-BIO-179 | an Liobáin | x | - | - | x | - | - | - |
| MA-BIO-179 | Maracó | x | - | - | x | - | - | - |
| RS-BIO-179 | an tSeirbia | x | - | - | x | - | - | - |
| SA-BIO-179 | an Araib Shádach | x | - | - | x | - | - | - |
| TN-BIO-179 | an Túinéis | - | - | - | x° | - | - | - |
| TR-BIO-179 | an Tuirc | x | - | - | x | - | - | - |
| XK-BIO-179 | an Chosaiv (*) | x | - | - | x | - | - | - |

(*) Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244 (1999) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus leis an tuairim chomhairleach ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

2. Eisceachtaí: na táirgí laistigh de chatagóirí táirgí a bhfuil ‘°’ marcáilte orthu, táirgí a chumhdaítear le raon feidhme comhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 nó le raon feidhme an aitheantais atá coibhéiseach leis an tríú tír lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325.’;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh South Cross Certified Australia Pty Ltd:

‘**Southern Cross Certified Australia Pty Ltd**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| AU-BIO-194 | an Astráil | — | — | — | — | x | x | x |
| FJ-BIO-194 | Fidsí | — | — | — | — | — | x | x |
| SG-BIO-194 | Singeapór | — | — | — | — | — | x | x |
| TO-BIO-194 | Tonga | — | — | — | — | — | x | x |
| VU-BIO-194 | Vanuatú | — | — | — | — | — | x | x |
| WS-BIO-194 | Samó | — | — | — | — | — | x | x’; |

(10) tar éis na hiontrála le haghaidh SRS Certification GmbH, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

'**SUSTAINABLE AGRICULTURE PROMOTION SOCIETY (SAPS)**

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

| Códuimhir | Tríú tír | Catagóir táirgí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | A | B | C | D | E | F | G |
| IN-BIO-206 | an India | — | x | — | x | x | — | x' |